

# Pacáiste eolais d’iarrthóirí

**Teagascóir Scileanna Loingseoireachta & Digiteacha**

**An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:**
**13 Samhain 2025**



**Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.**

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí.

Ta sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh I bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

## Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

## Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

## Ár Luachanna

- Iontaobhas
- Comhpháirtíocht
- Obair Foirne
- Cuimsiú
- Ionracas



## Cuntas ar an Ról

| | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Teagascóir Scileanna Loingseoireachta & Digiteacha (AOF) |
| Conradh: | Lánaimseartha; Fad Éiginnte |
| Áit: | Ailínithe le Coláiste Náisiúnta Iascaigh BIM, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí, agus ag freastal go príomha ar Chósta Thiar na hÉireann. Ag clúdach limistéar ó Dhún na nGall go Ciarraí. Is é an tAonad Soghluaiste an phríomh-bhunáit, le tacaíocht ón áitreabh i mBaile Chaisleáin Bhéarra. |
| Struchtúr Tuairiscithe: | Príomhoide, NFCI de chuid BIM, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí |
| Grúpa Seirbhíse: | Seirbhísí Corparáide |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Cuireann Seirbhísí Corparáide tacaíocht, pleanáil agus riarachán ar fáil a bhaineann le hAirgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Soláthar, Saoráidí, Seirbhísí Infheistíochta agus líonra Ice Plant laistigh de BIM. |

## Achoimre ar an Ról

Tá ról an Teagascóra Scileanna Loingseoireachta agus Digiteacha lonnaithe i gColáiste Náisiúnta Iascaigh BIM i mBaile Chaisleáin Bhéarra agus freastalaíonn sé ar an gCósta Thiar. Is é cuspóir an róil ná raon oiliúna gairmiúla a sholáthar do phearsanra agus mic léinn an tionscail bia mara, a sholáthraítear go príomha trí Aonad Oiliúna Cósta BIM (CTU 1), agus i gcoláistí BIM de réir mar is gá.

Soláthraíonn an Teagascóir Scileanna Loingseoireachta agus Digiteacha cineálacha éagsúla oiliúna i réimsí ar a nós seo: Garchabhair Bhunúsach STCW; Teicnící Marthanais Phearsanta STCW; Sábháilteacht Phearsanta agus Freagracht Shóisialta STCW; Deimhniú Inniúlachta Bád Paisinéirí na Roinne Iompair; Oiliúint Fheabhsaithe Sábháilteachta; Feasacht ar Shábháilteacht agus Cosc Dóiteáin; agus soláthar cúrsa raidió GMDSS (Córais Dhomhanda Ghuaise agus Sábháilteachta Muirí).

Go traidisiúnta, soláthraítear cláir CTU ar an gcósta thiar trí fhéilire imeachtaí a sholáthraítear i bpríomhchuanta iascaireachta, ó na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall, go dtí an Fhianait, Co. Chiarraí.

Tá sé beartaithe go soláthróidh an t-aonad oiliúint in áiteanna eile ar fud na hÉireann faoi réir éileamh tionscail agus faoi réir chláir oibre BIM.



Tá sé beartaithe go soláthróidh an t-aonad oiliúint in áiteanna eile ar fud na hÉireann faoi réir éileamh tionscail agus faoi réir chláir oibre BIM.

Oibreoidh an Teagascóir Scileanna Loingseoireachta agus Digiteacha i ndlúthchomhar le comhghleacaithe ar fud BIM chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt do raon tionscnamh a úsáideann an tAonad Oiliúna Cósta mar phointe teagmhála réigiúnach ónar féidir raon seirbhísí cliant a sholáthar.

Tá an tsolúbthacht ag an aonad chun an féilire cúrsaí sin a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais na hearnála iascaireachta. Soláthraíonn na haonaid oiliúna cósta na seirbhísí sin i suíomhanna iargúlta cósta, rud a íoslaghdaíonn an t-am neamhghníomhach agus an gá atá le taisteal do na mic léinn.

Tá an post ar aonad oiliúna soghluaiste BIM de chuid an Choláiste Náisiúnta Iascaigh, Baile Chaisleáin Bhéarra, a fheidhmíonn feadh chósta thiar na hÉireann, a chlúdaíonn limistéar ó Dhún na nGall go Ciarraí, agus a sholáthraíonn cúrsaí oiliúna GMDSS agus Sábháilteachta Bunúsaí. Ó thaobh riaracháin de, faigheann an t-aonad tacaíocht ó Choláiste Náisiúnta Iascaigh BIM i mBaile Chaisleáin Bhéarra, toisc go sanntar gach aonad do choláiste. Coinníonn an ról solúbthacht agus ilúsáidteacht chun oiliúint a chur ar fáil san Aonad Oiliúna Cósta, agus sa choláiste freisin, faoi réir éileamh an tionscail.

Meastar gurb é an ról ‘Aghaidh BIM’ agus tá dlúthnaisc aige le teagmhálaithe tionscail i measc an phobail. Ceann de láidreachtaí bhaill foirne an Aonaid Oiliúna Cósta is ea idirchaidreamh a dhéanamh leis an tionscal agus teagmhálaithe idir-rannacha a úsáid chun éilimh an tionscail a thomhas agus oibriú agus cabhrú le raon geallsealbhóirí tionscail agus le comhghleacaithe BIM ar fud na heagraíochta i gcoitinne.



## Cúlra leis an Riachtanas

Is é BIM an ghníomhaireacht Stáit Éireannach atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail ina chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe.

Tá sealbhóir an róil freagrach as oiliúint éagsúil a sholáthar ag láithreacha éagsúla cósta, agus úsáid á baint go príomha as Aonad Oiliúna Cósta BIM, ar seomra ranga oiliúna soghluaiste mór saintógtha é.

Chomh maith leis sin, déanfaidh sealbhóir an róil cur chun cinn, forbairt agus soláthar ar raon ábhair ar líne ar fud BIM agus le geallsealbhóirí seachtracha.

Áireofar leis sin obair le comhghleacaithe chun ábhar a fhorbairt agus é a chur ar fáil ar fud cláir éagsúla.

Tacóidh an fháil sin ar oiliúint a sholáthraítear ar líne agus ar an láithreán trí Aonaid Oiliúna Chósta BIM le glacadh méadaithe le hoiliúint sábháilteachta ríthábhachtach agus le cláir eile laistigh d'earnáil bia mara na hÉireann, a bhuí le formáidí foghlama nua-aimseartha solúbtha agus le soláthar clár solúbtha.

## Freagrachtaí

**<u>Oiliúint Sábháilteachta ar Muir agus Oiliúint Raidió</u>**

Oiliúint tionscail iascaireachta a sholáthar agus a mheasúnú, lena n-áirítear:

- STCW – Garchabhair Bhunúsach
- STCW – Teicnící Marthanais Phearsanta
- STCW – Sábháilteacht Phearsanta agus Freagracht Shóisialta
- BIM – Oiliúint Fheabhsaithe Sábháilteachta
- BIM – Feasacht ar Shábháilteacht agus Cosc Dóiteáin
- Deimhniú Inniúlachta Bád Paisinéirí na Roinne Iompair
- GMDSS – Raidió: Deimhniú Oibritheoirí Ginearálta

  Deimhniú Raidió Gearr-raoin

  Deimhniú Oibritheora Shrianta

  Deimhniú Raidió Fadraoin



- Sceidil agus láthair cúrsaí a eagrú trí chaidreamh a thógáil leis an bpobal iascaireachta cósta / A chinntiú go soláthrófar oiliúint éifeachtach do na láithreacha cósta agus go mbeidh sí ar fáil iontu de réir mar is gá chun freastal ar riachtanais oiliúna áitiúla.
- Riarachán uile na gcúrsaí a dhéanamh, lena n-áirítear iad a thaifeadadh ar thairseach BIM, áirithintí, íocaíochtaí, clárú, freastal ar chúrsaí agus taifid mheasúnachta, lena n-áirítear riarachán gairmiúil agus sábháilte a dhéanamh ar ábhair measúnaithe cúrsa don aonad agus do NFCI, an Caisleán Nua.

**<u>Uasoiliúint Dhigiteach</u>**

Cabhrú le raon ábhair ar líne a fhorbairt agus a sholáthar ar fud BIM agus le geallsealbhóirí seachtracha. Obair le comhghleacaithe chun ábhar a fhorbairt agus é a chur ar fáil ar fud cláir éagsúla.


- Cur leis an ábhar agus leis an mbonneagar TF atá ann cheana trí úsáid a bhaint as an mbonneagar Foghlama Canvas de chuid BIM.
- Tacú le tionscadail éagsúla a bhaineann le TF laistigh d'aonad scileanna BIM a sholáthar, lena n-áirítear athfhorbairt na tairsí oiliúna.
- Tacú le tionscadail inniúlachta digití do gheallsealbhóirí tionscail.

**<u>Dearbhú Cáilíochta</u>**

- Obair i gcomhar le hOifigeach Cáilíochta an Aonaid Scileanna chun tacú le soláthar gairmiúil oiliúna creidiúnaithe, á chinntiú go mbíonn an t-ábhar oiliúna ar fad i gcomhréir le caighdeáin na Roinne Iompair/Oifig na Suirbhéireachta Muirí agus ISO.

**<u>Dualgais Ghinearálta</u>**

- Obair ar fud BIM chun raon imeachtaí agus tionscnamh a éascú do chliaint chósta, agus úsáid á baint as an Aonad Oiliúna Cósta mar sheomra ranga soghluaiste agus mar phointe for-rochtana don tionscal.
- Trealamh oiliúna a ullmhú roimh chúrsaí a sholáthar agus ina dhiaidh.
- Dlúthchaidreamh oibre a thógáil leis an tionscal bia mara agus leis an tionscal muirí ag calafoirt thábhachtacha.
- Coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí oiliúna agus faoi chaighdeáin tionscail.
- Tabhairt faoi róil chomhairleacha nó taispeána ag imeachtaí tionscail.



- Tacú le tuairisciú agus anailís a dhéanamh ar oiliúint agus ar an líon mac léinn.
- A bheith eolach ar na córais riachtanacha uile agus a bheith inniúil iontu chun oibriú sábháilte agus gairmiúil an aonaid agus soláthar clár oibre a chumasú, lena n-áirítear córas cáilíochta ISO de chuid BIM, córais Sláinte agus Sábháilteachta, an córas soláthair agus oibríochtaí atá sonrach don Aonad Oiliúna Cósta.
- Cúrsaí a reáchtáil agus a sheachadadh go sábháilte trí sheicliostaí gaolmhara a chomhlánú agus iad a thaifeadadh.
- Aon dualgais ghaolmhara eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil agus a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile a dhéanamh.
- Cabhrú le hoiliúint chomhraicthe dóiteáin STCW agus céad Chabhair STCW in NFCI, Baile an Chaisleáin Bhéarra, de réir mar is gá.

## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Deimhniú Inniúlachta d'Oifigeach Léibhinn
- Deimhnithe Bailí STCW.
- Deimhniú Raidió GOC.
- Sárscileanna cumarsáide agus láithreoireachta

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Eolas ar earnáil bia mara nó mhuirí na hÉireann.
- Cáilíocht in ábhar oiliúna ar líne a fhorbairt agus a sholáthar, nó taithí ar an réimse sin.
- Oiliúint don Oiliúnóir.



## Tréithe pearsanta atá de dhíth don phost

- Sárscileanna cumarsáide; cumas chun éisteacht agus faisnéis a sholáthar go héifeachtach.
- Sárscileanna idirphearsanta atá riachtanach chun caidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe agus leis an tionscal bia mara.
- Cumas chun grúpdhinimic a bhainistiú go héifeachtach.
- Cumas chun obair a dhéanamh as a stuaim féin ar feadh tréimhsí suntasacha ama.
- Mian agus uaillmhian chun tairiscint oiliúna digití BIM a fhorbairt agus a fheabhsú go suntasach.
- Ilúsáidteacht, arna léiriú tríd an gcumas chun cúrsaí éagsúla a sholáthar agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu.
- Cumas chun ualaí oibre éagsúla agus éilimh cliant a láimhseáil.
- Dea-scileanna eagrúcháin phearsanta agus socraithe tosaíochta, agus an cumas chun roinnt tosaíochtaí a bhainistiú.
- Cumas chun obair go neamhspleách agus chun páirt éifeachtach a ghlacadh i bhfoireann, agus tionscnaíocht agus cruthaitheacht á dtaispeáint.
- Mionchruinneas láidir.
- An cumas chun idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúrtha.

## Teagmhálaithe

| | |
|---|---|
| Laistigh de BIM | Gach comhghleacaí laistigh den Aonad Scileanna agus ar fud na heagraíochta i gcoitinne, lena n-áirítear foireann chósta réigiúnach. |
| Lasmuigh de BIM | Oifig na Suirbhéireachta Muirí, mar chuid den Roinn Iompair. |



## Téarmaí agus Sochair

### Tuarastal

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le réimse tuarastail €58,847 - €74,112 (amhail an 1 Lúnasa 2025) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t- iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t- iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



### An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM] chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig:

jobs@bim.ie

### An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:

**13 Samhain 2025**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Grád Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

### Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

*Is fostóir comhdheiseanna é BIM, agus táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agus chothrom ag gach iarrthóir earcaíochta, mar is féidir a sholáthar le réasún. Má theastaíonn aon tacaíocht nó cóiríocht uait mar chuid den phróiseas earcaíochta, déan teagmháil linn go díreach ag HRinbox@bim.ie.*

Investors in Diversity SILVER